

Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad



Teastas Eorpach na Gaeilge

Meánleibhéal 2 (B2)

Scrúdú samplach 2

Scrúdú cainte



An Scrúdú Cainte: Meánleibhéal 2 (B2)

Eolas ginearálta

- Iarrthóir amháin a bheidh faoi scrúdú ag aon am ar leith. Beidh beirt scrúdaitheoirí i mbun an scrúdaithe. Beidh duine de na scrúdaitheoirí i mbun measúnachta ar feadh thréimhse an scrúdaithe agus ní bheidh sé/sí páirteach sa chomhrá. Beidh an duine eile ag meas chumas an iarrthóra chomh maith, ach cuirfidh seisean/sise ceisteanna ar an iarrthóir agus déanfaidh sé/sí na tascanna a bheas le déanamh ag an iarrthóir a riar.
- Déantar gach scrúdú cainte a thairfeadh.
- Bítear ag súil le hiarrthóirí ag an leibhéal seo a bheith ábalta páirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhrá agus déileáil le raon leathan ábhair chainte a bhfuil suim acu féin iontu agus sna hábhair a luaitear sa siollabas. Bítear ag súil leo a gcuid freagraí a fhorbairt, cúiseanna agus samplaí a thabhairt agus a gcuid tuairimí a chosaint de réir mar is gá. Chomh maith leis sin, bítear ag súil le hiarrthóirí a bheith in ann eagar ceart a chur ar a gcuid smaointe agus iad féin a chur in iúl go soiléir agus go cuí. Beidh réimse leathan straitéisí acu le déileáil le gach gné den chumarsáid.
- Is mar seo a leanas an leagan amach atá ar an scrúdú cainte i *Scrúdú Mheánleibhéal 2 (B2)*.

Cuid	Am	Cineál taisc	Feidhmeanna teanga
1	5-6 nóiméad	Cuirtear ceisteanna ar an iarrthóir a bhaineann le topaicí ginearálta, m.sh. cúlra an iarrthóra, caitheamh aimsire, obair, ag foghlaim Gaeilge srl. Chomh maith leis sin, bíonn ar iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt agus a dtuairimí a chur in iúl maidir le cúrsaí reatha, m.sh. na meáin chumarsáide, cúrsaí sóisialta agus dlí, an pholaitíocht srl. Ní bhítear ag súil le haon saineolas sna hábhair chéanna.	Ag tabhairt eolais agus ag léiriú agus ag cosaint tuairimí.
2	4-5 nóiméad	Tugtar sraith pictiúr ar thopaic áirithe don iarrthóir agus bíonn dhá nóiméad aige/aici le féachaint orthu. Roghnaíonn an t-iarrthóir dhá cheann de na pictiúir agus déanann sé/sí comparáid agus codarsnacht eatarthu. Bíonn ar iarrthóirí ceisteanna ón scrúdaitheoir a fhreagairt chomh maith.	Comparáid agus codarsnacht, ag léiriú tuairimí, ag míniú srl.

Meánleibhéal 2 (B2) Scrúdú samplach 2

Marcáil

- Is fiú 25% den scrúdú iomlán na marcanna atá ag gabháil don Scrúdú Cainte. Bronnfar marcanna ar iarrthóirí as a gcuid iarrachtaí le linn an scrúdaithe iomláin agus ní bhronnfar marcanna ar thascanna faoi leith.
- Seo iad na gnéithe den teanga a ndéanfar measúnú orthu sa scrúdú cainte: Cruinneas gramadaí, Stór focal, Foghraíocht, Líofacht agus Cumarsáid. Tá dhá rud i gceist le cumas cumarsáide. (1) An féidir leis na hiarrthóirí a chruthú go siad in ann déileáil le bun-chomhrá go réasúnta éifeachtach in ainneoin a stór focal a bheith teoranta m.sh. soiléiriú a lorg nó iarraidh ar dhuine rud a rá an dara huair, a rá go bhfuil rud éigin ann nach dtuigeann siad srl. (2) Déantar tástáil ar inniúlacht bhunúsach shochtheangeolaíoch chomh maith. Ba chóir go mbeadh na hiarrthóirí in ann frásaí simplí a úsáid chun bunteagmháil shóisialta a dhéanamh, m.sh. beannú do dhuine, slán a fhágáil, cead a iarraidh, buíochas a thabhairt, leithscéal a ghabháil srl.
- Cuirtear oiliúint chuimsitheach ar fáil do na scrúdaitheoirí cainte ar fad agus déantar monatóireacht agus caighdeánú ar a gcuid oibre le cinntiú go mbíonn leanúnachas ann maidir le cur i bhfeidhm an chórais mharcála.

Cuid 2 (don iarrthóir)

- Féach ar na slite beatha sna pictiúir thíos.
- Déan cur síos ar na buntáistí agus ar na míbhuntáistí a bhaineann le gach ceann acu, dar leatsa.
- Freagair aon cheisteanna a chuirfidh an scrúdaitheoir ort.

